An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige
Department of Children and Youth Affairs

# Fógra Príobháideachta

# Clár an Ábhair

**Réamhrá** ..... **3**

**Mír 1: Eolas Fúinn** ..... **4**

**Mír 2: An tOifigeach Cosanta Sonraí** ..... **4**

**Mír 3: Na cuspóirí a bhaineann le próiseáil sonraí** ..... **5**

3.1 Cén fáth a ndéanaimid do shonraí pearsanta a phróiseáil? ..... 5

3.2 Cén saghsanna sonraí pearsanta a bhailímid? ..... 5

3.3: Céard é an bunús dlí atá againn chun do shonraí pearsanta a phróiseáil? ..... 5

**Mír 4: Cá stórálaimid do shonraí pearsanta?** ..... **6**

4.1 Stóráil Leictreonach ..... 6

4.2 Comhaid Chruachóipe (Páipéar) a Stóráil ..... 6

4.3 Stóráil Dhaingean Sheachtrach ..... 6

**Mír 5: Sonraí Pearsanta a Roinnt** ..... **6**

Cineálacha Faighteoirí ar Féidir Linn do Shonraí Pearsanta a Roinnt Leo ..... 6

**Mír 6: Sonraí Pearsanta a Aistriú** ..... **7**

6.1 An stórálfar do shonraí pearsanta lasmuigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE)? ..... 7

6.2 An gceadaítear dúinn do shonraí a aistriú lasmuigh den Aontas Eorpach (AE) agus den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE)? ..... 7

6.3 An bhfuil aon chosaintí eile ann, atá cuí agus oiriúnach? ..... 7

**Mír 7: Coinneáil – Cé chomh fada a choimeádfaimid do shonraí pearsanta?** ..... **7**

**Mír 8: Do chearta mar ábhar sonraí** ..... **8**

8.1 Ceart Rochtana ..... 8

8.2 An ceart go ndéanfaí ceartúcháin ..... 8

8.3 An ceart go ndéanfaí sonraí pearsanta a scriosadh (an ceart go ndéanfaí ligean i ndearmad) ..... 8

8.4 An ceart go gcuirfí srian le próiseáil ..... 8

8.5 An ceart chun iniomparthacht sonraí ..... 9

8.6 An ceart chun agóid a dhéanamh ..... 9

8.7 Cearta a bhaineann le cinnteoireacht uathoibrithe, próifíliú san áireamh ..... 9

8.8 An ceart chun gearán a dhéanamh ..... 9

## **Réamhrá**

Tá an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige (dá ngairtear 'an Roinn' anseo feasta) tiomanta do chearta agus do príobháideacht daoine aonair (ar a dtugtar 'ábhar sonraí') a chosaint, i gcomhréir le reachtaíocht consanta sonraí de chuid na hÉireann agus de chuid an Aontais Eorpaigh. Tá sé an-tábhachtach dúinn go bpléitear le sonraí pearsanta ar bhealach atá ceart, dleathach agus cothrom agus tá meas againn do na cearta dlíthiúla, don phríobháideacht agus don mhuinín atá ag gach duine a bhfuilimid ag plé leo.

Is é an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS 2016/679) an tionscnamh is déanaí a ceapadh chun dlíthe a bhaineann le príobháideacht sonraí a chomhchuibhiú ar fud na hEorpa, chun príobhaideacht sonraí a chosaint agus a chumasú do gach saoránach san AE agus chun athchóiriú a dhéanamh ar an gcaoi a dtéann eagraíochtaí i ngleic le príobháideacht sonraí.

Tá RGCS i bhfeidhm ó bhí 25 Bealtaine 2018 ann agus tá an polasaí seo le riachtanais RGCS agus na n-Achtanna um Chosaint Sonraí de chuid na hÉireann.

Baineann an RGCS le heagraíocht ar bith a bhailíonn agus a stórálann sonraí pearsanta (ar a dtugtar 'rialaitheoir') agus le heagraíocht ar bith eile (ar a dtugtar 'próiseálaí') a oibríonn de réir orduithe an rialaitheora sonraí. I measc siúd atá freagrach as cloí leis an reachtaíocht seo, tá fostaithe, conraitheoirí, sainchomhairleoirí, gníomhairí agus tríú páirtithe a bhfuil fáil acu ar shonraí pearsanta go díreach nó go hindíreach.

De bharr an RGCS, méadaítear na hoibleagáidí atá ar eagraíochtaí i dtaobh an chaoi a mbailíonn, a n-úsáideann agus a gcosnaíonn siad sonraí pearsanta. Ag croílár an dlí nua, tá an ceanglas ar eagraíochtaí a bheith go hiomlán trédhearcach faoin gcaoi a n-úsáideann agus a gcosnaíonn siad sonraí pearsanta, agus a bheith in ann cuntasacht a léiriú dá ngníomhaíochtaí próiseála sonraí.

Tá tuilleadh eolais mar gheall ar chosaint sonraí le fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisinéara Cosanta Sonraí (CCS) ag GDPRandYou.ie nó dataprotection.ie.

Tá do phríobháideacht thar a bheith tábhachtach don Roinn. Tá sé tábhachtach go bhfuil tú ar an eolas maidir le conas a dhéantar d’fhaisnéis phearsanta a phróiseáil. Tá athruithe tugtha isteach agus tá níos mó smachta agat ar d’fhaisnéis phearsanta dá bharr. Léigh an fógra seo go cúramach, le do thoil. Má tá ceisteanna agat maidir leis an mbealach a úsáidimid d'fhaisnéis, déan teagmháil lenár nOifigeach Cosanta Sonraí (mionsonraithe thíos).

## Mír 1: Eolas Fúinn

Is é an Roinn an rialaitheoir sonraí do na sonrái pearsanta go léir a bhailítear ar mhaithe le cuspóirí a gnó.

Chun tuilleadh eolais a fháil maidir le gníomhaíochtaí na Roinne, téigh, le do thoil, chuig www.dcya.gov.ie.

Seo mar a leanas sonraí teagmhála na Roinne:

Ríomhphost: contact@dcya.gov.ie nó eolas@dcya.gov.ie
Fón: 01 647 3000
Post: An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige
Bloc 1, Plaza Miesach,
50-58 Sráid Bhagóid Íochtarach,
Baile Átha Cliath 2.
D02 XWI4

## Mír 2: An tOifigeach Cosanta Sonraí

Má tá tú buartha faoin méid a dhéanaimid le do shonraí pearsanta nó má tá tuilleadh eolais de dhíth ort maidir leis na polasaí cosanta sonraí atá againn, is féidir leat teagmháil a dhéanamh lenár nOifigeach Cosanta Sonraí (OCS):

Ríomhphost: dpocontact@dcya.gov.ie
Fón: (01) 647 3183
Post: An tOifigeach Cosanta Sonraí,
An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige
Bloc 1, Plaza Miesach,
50-58 Sráid Bhagóid Íochtarach,
Baile Átha Cliath 2.
D02 XWI4

## Mír 3: Na cuspóirí a bhaineann le próiseáil sonraí

### 3.1 Cén fáth a ndéanaimid do shonraí pearsanta a phróiseáil?

Déanfaimid faisnéis a phróiseáil ar chúiseanna éagsúla. Seo a leanas na gnáthchásanna:

- Nuair a dhéanann tú éileamh ar sheirbhís arna maoiniú ag an Roinn, i bpearsa nó ar líne, agus nuair a fhaigheann tú na seirbhísí sin ina dhiaidh;
- Nuair a dhéanaimid íocaíocht duit;
- Má chuireann tú muid ar an eolas maidir le hathrú i do mhionsonraí nó do chúinsí pearsanta;
- I gcomhthéacs achomhairc nó athbhreithnithe;
- Nuair a fhaigheann muid faisnéis ó ranna Rialtais nó gníomhaireachtaí eile;
- Chun freagra a thabhairt do chomhfhreagras, lena n-áirítear comhfhreagras a fhaghimid uait go díreach, nó ó ionadaithe poiblí thar do cheann, nó ó dhaoine eile atá ceadaithe chun a bheith ag gníomhú thar do cheann;
- Chun freagra a thabhairt do Cheisteanna Parlaiminteacha;
- Nuair a théimid i ngleic le próisis chomhairliúcháin;
- Nuair is ábhar thú de chás dlí a bhfuil baint ag an Roinn leis;
- Chun sonraí pearsanta a stóráil (lena n-áirítear sonraí oidhreachta), ag brath ar ár riachtanais coinneála agus cartlainne;
- Le haghaidh feidhmeanna inmheánacha a bhaineann le hAcmhainní Daonna;
- Le haghaidh measúnú agus fíorú, lena n-áirítear cáilíochtaí agus oiriúnacht do phoist.

Tá conraitheoirí againn chomh maith a phróiseálann sonraí pearsanta dúinn. Tá siad go léir faoi rialú iontraimí dlí/conarthaí.

### 3.2 Cén saghsanna sonraí pearsanta a bhailímid?

Féadtar a áireamh leis na sonraí pearsanta a bhailímid an méid seo a leanas:

- d'ainm;
- do sheoladh;
- do dháta breithe;
- d'uimhir ghutháin;
- do sheoladh ríomhphoist;
- d'Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí; agus
- faisnéis aigeadais áirithe.

Uaireanta, is ga dúinn 'saghsanna speisialta' de shonraí pearsanta a phróiseáil, ar nós sonraí maidir le sláinte agus sonraí bithmhéadracha a úsáidtear chun daoine a aithint.

### 3.3: Céard é an bunús dlí atá againn chun do shonraí pearsanta a phróiseáil?

Seo mar a leanas an reachtaíocht tábhachtach a chuireann bonn taca faoi phríomhfheidhmeanna na Roinne, agus a cheadaíonn dúinn sonraí pearsanta a phróiseáil, nó iad a phróiseáil thar ceann na Roinne:

- An tAcht um Chúram Leanaí 1991
- An tAcht Oideachais (Leas) 2000
- Acht na Leanaí 2001
- An tAcht um Obair Ógra 2001
- An tAcht Uchtála 2010
- An tAcht fán nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach 2013
- An tAcht um Thús Áite do Leanaí 2015
- An tAcht do Thacaíocht Cúraim Leanaí 2018

Tá an Roinn i dteideal, chomh maith, sonraí pearsanta a phróiseáil faoi fhorálacha reachtaíochta eile (e.g. An tAcht um Chosaint Sonraí 2018) a sholáthraíonn an bunús dlí do gach Roinn Rialtais chun an réimse seirbhísí, scéimeanna agus tacaíochtaí a riar mar a leagtar amach i gcinntí leanúnacha Rialtais.

***Nóta: Tugann an Roinn faoina chinntiú go dtugtar faoi Mheasúnacht Tionchair um Chosaint Sonraí sula dtosaítear aon phróiseas nua sonraí agus chun an cháipéis seo a nuashonrú dá réir. Ar aon dul leis an RGCS, tugann an Roinn faoi dhul i gcomhairle lena hOifigeach Cosanta Sonraí agus, más gá, le hOifig an Choimisiúin Chosanta Sonraí sula gcuirtear tús le haon ghníomhaíochtaí nua próiseála sonraí.***

## Mír 4: Cá stórálaimid do shonraí pearsanta?

### 4.1 Stóráil Leictreonach

Féadann sonraí pearsanta a stóráil go leictreonach ar ár gcórais inmheánacha TFC, agus ar chórais TFC ár bpróiseálaithe agus soláthraí seirbhíse roinnte. Tá na córais seo go hiomlán cosanta ag bogearraí frithvíris agus frithmhailíseacha. Áirítear le sonraí leictreonacha cóipeanna scanta d'fhoirmeacha iarratais, faisnéis teagmhála, faisnéis airgeadais, sonraí teaghlaigh, éachtaí oideachais agus oiliúna, cóipeanna de chomhfhreagras leictreonach, stair fostaíochta agus stair éilimh.

Níl rochtain ar shonraí pearsanta ach ag na comhaltaí foirne siúd a dteastaíonn an fhaisnéis uathu chun tabhairt faoina ndualgais oifigiúla. Rialaítear rochtain mar gheall go bhfuil ainm úsáideora agus pasfhocal uathúil ag gach comhalta foirne agus mar gheall go gceanglaítear ainmneacha úsáideora leis na ceadanna íosta a theastaíonn lena ligean don chomhalta foirne oibriú i dtimpeallacht shlán agus gan ach na sonraí pearsanta a rochtain a theastaíonn uathu dá bpoist.

### 4.2 Comhaid Chruachóipe (Páipéar) a Stóráil

Sa chás go mbíonn taifid pháipéir ag an Roinn ina gcuimsítear do shonraí pearsanta, stóráiltear iad seo i gcomhaid aonair atá á gcoimeád slán inár n-áitreabh agus níl teacht orthu ach ag ár bhfoireann. Baintear seo amach trí shlándáil fhisiciúil, ní féidir rochtain a fháil ar oifig Roinne ach trí svaidhpchárta nó cárta rochtana agus déantar cuairteoirí a sciathadh, a shíniú isteach agus a thionlacan ag comhalta foirne, chun nach féidir leo aon sonraí pearsanta atá á stóráil ag an Roinn a rochtain. Tá polasaí ag an Roinn chun deasca glana a chur chun cinn chomh maith.

### 4.3 Stóráil Dhaingean Sheachtrach

Is féidir comhaid neamhghníomhacha agus oidhreachta a choimeád i stóráil dhaingean sheachtrach, faoi chonradh. Tá rochtain ag líon teoranta de chomhaltaí foirne orthu, agus déantar na comhaid a aistriú idir an Roinn agus an stóráil sheachtrach de réir prótacail agus faoi mhaoirseacht dhian.

## Mír 5: Sonraí Pearsanta a Roinnt

### Cineálacha Faighteoirí ar Féidir Linn do Shonraí Pearsanta a Roinnt Leo

Ceadaítear don Roinn do shonraí a roinnt le réimse eagraíochtaí, ach amháin nuair atá sé sin ceadmhach faoin dlí. Go ginearálta, seo a leanas saghsanna na n-eagraíochtaí a roinnfeadh an Roinn faisnéis leo, de ghnáth:

- Ranna Rialtais, lena n-áirítear na Coimisinéirí Ioncaim, an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí agus an Roinn Oideachais agus Scileanna, chun réimse seirbhísí agus tacaíochtaí roinnte a chur ar fáil.
- Comhlachtaí nó gníomhaireachtaí eile de chuid an earnáil phoiblí a chuireann seirbhísí nó tacaíochtaí ar fáil do chustaiméirí, ar nós Tusla, Pobal, Boird Oideachais & Oiliúna agus eile.
- Réimse d'eagraíochtaí pobail;
- Rialtóirí nó údaráis maoirseachta;
- Ionadaithe poiblí a dhéanann aighneachtaí thar ceann daoine ina ndáilcheantar;
- Sainchomhairleoirí TFC agus conraitheoirí ginearálta a fhostaíonn an Roinn, nuair a d'fhéadfaidís bheith ag obair ar chórais agus phróisis láimhseála sonraí.

## Mír 6: Sonraí Pearsanta a Aistriú

### 6.1 An stórálfar do shonraí pearsanta lasmuigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch?

Go ginearálta, ní stórálfar do shonraí pearsanta lasmuigh den Aontas Eorpach nó den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE - AE 27, chomh maith leis an an Íoslainn, an Iorua agus Lichtinstéin).

### 6.2 An gceadaítear dúinn do shonraí a aistriú lasmuigh den Aontas Eorpach (AE) agus den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE)?

Ní dócha do ndéanfaimid faisnéis mar gheall ort a aistriú chuig tír nó eagraíocht idirnáisiúnta lasmuigh den LEE. Sna cáis sin, déanfaimid iarracht a chinntiú go bhfuil an t-aistriú faisnéise bainistithe go cúramach chun do phríobháideacht a chosaint de réir an dlí a bhaineann le Cosaint Sonraí.

### 6.3 An bhfuil aon chosaintí eile ann, atá cuí agus oiriúnach?

Ní féidir sonraí pearsanta a aistriú ach amháin nuair a chuirtear cosaintí cuí ar fáil agus ar an gcoinníoll go mbíonn cearta ábhar sonraí in-fheidhmithe agus réitigh éifeachtacha dhlíthiúla ar fáil. I measc cosaintí cuí, d'fhéadfadh an méid seo a leanas a bheith i gceist:

- Ionstraimí idir comhlachtaí/údaráis poiblí atá ina gceangal dlí agus atá in-fheidhmithe;
- Rialacha corparáideacha ceangailteacha;
- Clásail chaighdeánacha um chosaint sonraí lenar ghlac Údarás Maoirseachta agus atá faofa nó glactha ag Coimisiún an AE;
- Clásail chaighdeánacha chonarthacha idir rialaitheoir/próiseálaí agus faighteoir sa tríú tír nó san eagraíocht idirnáisiúnta.

## Mír 7: Coinneáil – Cé chomh fada a choimeádfaimid do shonraí pearsanta?

Is é an dea-chleachtas a bhaineann le cosaint sonraí ná gan sonraí pearsanta a stóráil níos faide ná mar is gá. Tá gach limistéar gnó sa Roinn freagrach as na sonraí pearsanta a bhailíonn siad ar chúiseanna gnó, lena n-áirítear sonraí nach gá leo a choinneáil gan chríoch.

Coinníonn an Roinn taifid de réir riachtanais an Achta um Chartlann Náisiúnta 1986. Féadtar sonraí pearsanta a phróiseálann an Roinn nó thar ceann na Roinne a áireamh sna taifid seo. Rachaidh an Roinn i dteagmháil leis an gCartlann Náisiúnta chun cinneadh a dhéanamh ar tréimhsí coinneála do na cineálacha ábhartha taifead ar fad, agus déanfar polasaí coinneála agus sceideal coinneála na Roinne a uasdátú chun go mbeidh siad ag teacht le hathruithe agus treoracha coinneála faofa arna eisiúint ag an gCartlann Náisiúnta.

## Mír 8: Do chearta mar ábhar sonraí

Tá cearta áirithe faoi reachtaíocht cosanta sonraí an AE (RGCS) agus na hÉireann ag gach ábhar sonraí atá ag plé leis an Roinn agus a próiseálaithe. Tá treoir ar chearta daoine aonair le fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin Cosanta Sonraí. Déantar achoimre ar do chearta thíos:

### 8.1 Ceart Rochtana

Is féidir leat iarratas foirmiúil a chur isteach chun cóip de do shonraí pearsanta atá á bpróiseáil ag an Roinn.

Beidh ort d'aitheantas a dheimhniú ar dtús, mar ní ceadaítear dúinn do shonraí pearsanta a thabhairt do dhaoine eile (ach amháin i gcás iarratais ar leith). Nuair atá d'aitheantas fíoraithe againn, gheobhaimid an fhaisnéis a iarradh chomh luath agus is féidir, taobh istigh de mhí amháin ó fuarthas d'iarratas ar a dheireanaí.

Má tá an t-iarratas casta, nó má tá a lán iarratas faighte againn, tá sé de chead againn dhá mhí sa bhreis a chur leis an tréimhse, ach tá orainn é sin a chur in iúl duit taobh istigh den chéad mhí, chomh maith le fáthanna na moille. Mura bhfuil muid in ann d'iarratas a fhreagairt, tá orainn é sin a chur in iúl duit taobh istigh de mhí amháin. Tá orainn a chur in iúl duit gur féidir leat gearán a chur faoi bhráid an Choimisiúin Cosanta Sonraí.

Má dhéanann tú iarratas leictreonach, seans go mbeidh orainn freagra a chur chugat go leictreonach, ach amháin más fearr leat a mhalairt.

Tá rud ar bith a dhéanaimid agus faisnéis ar bith a thabharfaimid duit saor in aisce. Má dhéanann tú an iomarca iarratas (e.g. an t-iarratas céanna arís agus arís eile) nó mura bhfuil aon bhunús le d'iarratais, seans go ngearrfaimid táille ort nó nach dtabharfaimid freagra duit.

Mar gheall ar an méid agus ar an gcineál limistéir oibríochtúla atá faoinár gcúram, tá an seans ann go mbeidh ort d'iarratas a shoiléiriú. Is féidir leat cuidiú a thabhairt dúinn má tá tú chomh beacht agus is féidir.

Tá foirmeacha le fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne maidir le Polasaí um Chearta Ábhar Sonraí agus le hIarratas ar Rochtain Ábhair.

### 8.2 An ceart go ndéanfaí ceartúcháin

Tá an Roinn tiomanta do shonraí cruinne a choinneáil fút, agus cuirfimid nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú gur féidir leat do shonraí a cheartú má tá míchruinneas ann.

### 8.3 An ceart go ndéanfaí sonraí pearsanta a scriosadh (an ceart go ndéanfaí ligean i ndearmad)

Nuair a fhaigheann an Roinn iarratas uait maidir le do shonraí pearsanta a scriosadh, déanfaidh an Roinn measúnú chun a fháil amach an féidir na sonraí pearsanta a scriosadh gan cur isteach ar chumas na Roinne chun seirbhísí a chur ar fáil duit.

### 8.4 An ceart go gcuirfí srian le próiseáil

Déanfaidh an Roinn nósanna imeachta cuí a chur i bhfeidhm agus a chothabháil chun a mheas an féidir le d'iarratas chun srian a chur le próiseáil a chur i bhfeidhm. Nuair a chuirtear an t-iarratas i bhfeidhm, scríobhfaidh an Roinn chugat chun a dheimhniú go bhfuil an srian curtha i bhfeidhm agus scríobhfaimid chugat arís nuair a chuirfear deireadh leis an srian.

### 8.5 An ceart chun iniomparthacht sonraí

Nuair atá do shonraí pearsanta bailithe ag an Roinn, trí thoiliú nó trí chonradh, tá sé de cheart agat na sonraí a fháil i bhformáid leictreonach chun iad a thabhairt do rialaitheoir sonraí eile. Beidh cur i bhfeidhm an chirt sin ag brath ar féidearthacht an iarratais.

### 8.6 An ceart chun agóid a dhéanamh

Tá sé de cheart agat, i gcúinsí áirithe, agóid a dhéanamh i gcoinne do shonraí pearsanta a phróiseáil. Nuair a fhaigheann an Roinn agóid den chineál sin, déanfar an cás a mheas de réir a tuillteanas.

### 8.7 Cearta a bhaineann le cinnteoireacht uathoibrithe, próifíliú san áireamh

Tá sé de cheart agat gan a bheith i d'ábhair cinnidh atá bunaithe ar próiseáil uathoibrithe amháin, i gcás go n-imrítear tionchar dlíthiúil nó suntasach ort. Déanfaidh an Roinn a chinntiú, nuair a úsáideann córais nó próisis cinnteoireacht uathoibrithe nó próifíliú, go bhfuil ceart cuí chun achomharc a dhéanamh ar fáil duit.

### 8.8 An ceart chun gearán a dhéanamh

Má tá tú míshásta faoin gcaoi a ndearna an Roinn d'iarratas a phróiseáil, déanfaimid iarracht thú a chuidiú chun an cheist a réiteach. Sna cúinsí sin, ba chóir duit dul i dteagmháil leis an Oifigeach Cosanta Sonraí.

Tá sé de cheart agat gearán a dhéanamh díreach chuig an gCoimisiún Cosanta Sonraí. Seo a leanas eolas teagmhála an Choimisiúin Cosanta Sonraí:

Post: Teach na Canálach, Cúil an tSudaire, Co. Laoise, R32 AP23.
Ríomhphost: info@dataprotection.ie
Fón: 0761 104 800 nó uimhir íosghlao 1890 252 231

***<u>Conas teagmháil a dhéanamh linn?</u>***

Má tá ceisteanna agat faoin bpolasaí seo, déan teagmháil, le do thoil, leis an Oifigeach Cosanta Sonraí. Is féidir teagmháil a dhéanamh le hOifigeach Cosanta Sonraí sa Roinn seo ag dpocontact@dcya.gov.ie.

***<u>Conas is féidir do chearta a chur i bhfeidhm?</u>***

Tá tú i dteideal na cearta thuas a chur i bhfeidhm. Chun iarratas faoi cheann ar bith de na cearta thuas a chur isteach, déan teagmháil leis an Aonad Cosanta Sonraí sa Roinn:

Ríomhphost: dpocontact@dcya.gov.ie
Post: An tAonad Cosanta Sonraí,
An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige
Bloc 1, Plaza Miesach,
50-58 Sráid Bhagóid Íochtarach,
Baile Átha Cliath 2. D02 XWI4